Eisithe ag *Leabhair*COMHAR
04.11.2025

**Leabhar nua *Coiscéim, Coiscéimín***
**scríofa ag Claire M. Dunne**
**maisithe ag Anita Foley**
**foilsithe ag *Leabhair*COMHAR**

Is cúis mhór mórtais í do *Leabhair*COMHAR go bhfuil an pictiúrleabhar nua do léitheoirí óga, *Coiscéim, Coiscéimín*, foilsithe agus ar fáil anois don phobal. Seo é an chéad leabhar ó pheann Claire M. Dunne, a bhfuil cúlra leathan aici ag plé le hábhar léitheoireachta do pháistí. Tugann léaráidí lámhdhéanta Anita Foley beocht do scéal Laoise Luch, agus bainfidh páistí agus tuismitheoirí araon an-sult as an leabhar álainn seo.

Sa scéal gleoite seo, tá bialann cháise ag Laoise Luch taobh thiar den bhalla sa chistin. Freastalaíonn cairde dílse Laoise ar an mbialann gach oíche do na Cláir Cháise bhlasta, iad réitithe go gasta! Tá an-rath ar bhialann Laoise agus ceithre réaltaí faighte aici ón gCigire Cáise. Ba bhreá léi an Cúigíu Réalta a fháil uaidh, ach conas a aimseoidh sí an cháis is speisialta? Beidh ar Laoise a cuid misnigh ar fad a úsáid agus í sa tóir ar Cháis Chúig Réalta!

Scéal é seo faoin gcairdeas, faoin gcrógacht, agus thar aon ní eile, faoin gcáis!

Is féidir an cód MF (QR) ag cúl an leabhair a leanúint chun teacht ar thaifead fuaime den údar í féin ag léamh an scéil. Bainfidh léitheoirí óga taitneamh as an rím agus an athrá sa scéal, agus beidh idir pháistí agus dhaoine fásta faoi gheasa ag léaráidí lámhdhéanta Anita Foley a thugann beocht bhreise don scéal.

'Gabhaim buíochas ó chroí le Anita agus le Deirdre a lean eachtraí Laoise Luch ó thús deireadh agus a thacaigh leis an gcarachtar cróga a thabhairt chun beochta', a dúirt Claire M. Dunne, údar an leabhair. 'Tá súil agam go mbainfidh léitheoirí sult as a haistear spraíúil agus í sa tóir ar an gcáis chuí.'

'Tá áthas an domhain orm go mbeidh an deis ag léitheoirí óga taitneamh a bhaint as an bpictiúrleabhar an-speisialta seo', arsa Deirdre Ní Fhloinn, Feidhmeannach Foilsitheoireachta *Leabhair*COMHAR. 'Ealaíontóirí den scoth is ea iad Claire agus Anita, agus táim cinnte go mbeidh an-spraoi go deo ag léitheoirí óga eachtraí Laoise a leanúint, agus ag léitheoirí fásta sna mionsonraí cliste sna léaráidí.'

Seolfar an leabhar go hoifigiúil Dé Céadaoin, an 3 Nollaig mar chuid de Mhórsheoladh COMHAR.

**CRÍOCH**

Tuilleadh eolais: leabhaircomhar@comhar.ie / (01) 675 1922 / www.comhar.ie/leabhair

*Leabhair*COMHAR   Foras na Gaeilge   the arts council / an chomhairle ealaíon   cistiú litríocht

**Eolas don eagarthóir:**

<u>An leabhar:</u>
Teideal: *Coiscéim, Coiscéimín*
Údar: Claire M. Dunne
Maisitheoir: Anita Foley
ISBN: 978-1-7395129-9-6
€13
Dáta foilsithe: Deireadh Fómhair 2025
Foilsitheoir: *Leabhair*COMHAR

Ar fáil le ceannach ó https://comhar.ie/leabhair/coisceim-coisceimin/ agus ón Siopa Leabhar (Conradh na Gaeilge). Más díoltóir leabhar tú, déan teagmháil linn ag oifig@comhar.ie nó leis an dáileoir leabhar ÁIS (ais@forasnagaeilge.ie).

<u>An t-údar:</u>
Is Ollamh Cúnta í Claire M. Dunne in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath. Roimhe sin, bhí sí ina Ceann Roinne ar Roinn an Bhéarla agus Roinn na Gaeilge in Institiúid Oideachais Marino. Bhí sí ina heagarthóir Gaeilge ar an irisleabhar *Inis*, príomhfhoilseachán Leabhair Pháistí Éireann ó 2011-2014. Tá sí ina Dochtúir Leabhar le Leabhair Pháistí Éireann agus tá treoirleabhar scríofa aici chun léitheoireacht na Gaeilge mar chaitheamh aimsire a chur chun cinn: *Scéalta den Scoth.*

<u>An maisitheoir:</u>
Is múinteoir, ealaíontóir agus maisitheoir í Anita Foley. Baineann sí úsáid as líníocht agus uiscedhathanna ina cuid saothar. Is breá léi an dúlra agus tugann sé inspioráid di dá cuid ealaíne. Roimhe seo, mhaisigh sí an pictiúrleabhar *St. Brigid's Cloak* le Gabrielle Bean Uí Dhomhnaill.

<u>COMHAR:</u>
Príomhfhoilsitheoir náisiúnta na Gaeilge is ea COMHAR, atá i mbun ghnó na foilsitheoireachta ó 1942 i leith.

I measc na tograí atá faoi chúram COMHAR tá,

- *Comhar* - iris mhíosúil liteartha na Gaeilge,
- *Leabhair*COMHAR - inphrionta foilsitheoireachta leabhar,
- COMHAR*Taighde* - iris acadúil phiarmheasta bhliantúil.

Tá COMHAR buíoch de Fhoras na Gaeilge, de Chlár na Leabhar Gaeilge, den Chomhairle Ealaíon agus d'Acadamh Ríoga na hÉireann as a dtacaíocht leanúnach sna tograí seo.

<u>*Leabhair*COMHAR:</u>
Bunaíodh an t-inphrionta foilsitheoireachta *Leabhair*COMHAR athuair in 2009 chun nualitríocht agus nuascríbhneoireacht na Gaeilge a fhorbairt, chomh maith le rogha den scoth de scríbhneoirí agus ábhair a chur ar fáil. Tá sé mar aidhm ag COMHAR mar eagraíocht scríbhneoirí úra a earcú agus a chothú ar bhonn leanúnach.

Tuilleadh eolais: comhar.ie/eolas

*Leabhair*COMHAR Foras na Gaeilge the arts council an chomhairle ealaíon cistiú litríocht